Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta

8

acmhainn do bhliain 8

Curaclam
Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Aonad a Cúig
Dúshláin Infhostaitheachta

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta 8 acmhainn do bhliain 8

Clár Ábhair

Léargas Ginearálta ar an Aonad 3

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo 5

Téama 1	Líne Nuachta	6
Téama 2	Bí ag Siopadóireacht Anseo	7
Téama 3	Tionscadal Chomhlacht Tír Ghlas	8
Téama 4	Tionscadal Bhréagáin Bhreátha	9
Téama 5	Smailceanna le Séimí	10

Áiseanna

Suímh Idirlín Úsáideacha

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta 8 a cmhainn do bhliain 8

Aidhm

San aonad seo, cuirtear na daltaí ar an eolas faoi chúig earnáil fostaíochta dhifriúla. Glacann siad páirt i ndúshláin infhostaitheachta a bhaineann leis na hearnálacha fostaíochta.

Léargas Ginearálta ar an Aonad

Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag daltaí:

- an dóigh a gcuireann eagraíochtaí oibre leis an phobal a fhiosrú;
- a gcuid scileanna láithreoireachta agus féinmhargaíochta a chleachtadh;
- a gcuid scileanna pearsanta agus a ngnóthachtálacha go dtí seo a mheas; agus
- na scileanna agus na tréithe a dhéanann duine fiontraíoch a shainaithint agus a chleachtadh.

Spriocanna Foghlama

Foghlaimíonn Daltaí:

- go dtig le heagraíochtaí oibre tionchar dearfach agus diúltach a bheith acu ar an phobal áitiúil;
- go bhfuil fostoirí ar lorg fostaithe a dtig leo réimse scileanna agus tréithe infhostaitheachta a léiriú; agus
- go bhfuil fiúntas le scileanna agus tréithe fiontraíochta i saol na hoibre.

Critéir Ratha

Ag deireadh an aonaid seo:

- beidh na daltaí ábalta a mhíniú cad chuige a bhfuil comhlachtaí tábhachtach sa phobal áitiúil;
- beidh siad ábalta na scileanna agus na tréithe atá de dhíth faoi choinne jab a shainaithint;
- tuigfidh siad go bhfuil scileanna, tréithe agus suimeanna acu cheana féin a dtig leo insint do dhaoine eile fúthu; agus
- beidh siad ábalta cur síos ar cad é mar a léirigh siad scileanna agus tréithe fiontraíochta.

Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 3. Tugtar breac-chuntas thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:

TÉAMA	FÓCAS SCILEANNA
Téama 1: Líne Nuachta	Ag obair le daoine eile
Téama 2: Bí ag Siopadóireacht Anseo	Ag smaoineamh, ag réiteach fadhbanna agus ag déanamh cinntí
Téama 3: Tionscadal Chomhlacht Tír Ghlas	Cumarsáid
Téama 4: Tionscadal Bhréagáin Bhreátha	Bheith cruthaitheach
Téama 5: Smailceanna le Séimí	Ag úsáid matamaice

Buncheisteanna

Síos tríd an aonad seo, spreag na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Cad é mar a sholáthraíonn eagraíochtaí buntáistí do phobal?*
- *Cá huair a bheadh tionchar diúltach ag eagraíocht ar an phobal?*
- *Cad chuige a bhfuil scileanna agus tréithe chomh tábhachtach sin do phoist?*
- *Cad iad na tairbhí a bhaineann le bheith fiontraíoch?*



Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

Téama 1

Líne Nuachta

Fiosraíonn na daltaí earnáil fostaíochta na meán cumarsáide agus na siamsaíochta. Glacann siad páirt i ndúshlán infhostaitheachta ina scríobhann siad agus a gcuireann siad feasachán nuachta i láthair.

Téama 2

Bí ag Siopadóireacht Anseo

Díríonn an téama seo ar an earnáil fostaíochta miondíola. Glacann na daltaí páirt i ndúshlán infhostaitheachta ina nglacann siad orthu ról úinéirí gnó atá ag iarraidh aonad a léasú in ionad siopadóireachta áitiúil. Déanann siad cur i láthair don chuid eile den rang.

Téama 3

Tionscadal Chomhlacht Tír Ghlas

Díríonn an téama seo ar an earnáil fostaíochta pobail agus dheonach. Glacann na daltaí páirt i ndúshlán infhostaitheachta. Caithfidh said an modh is fóirsteanaí a aimsiú le deonaigh a tharraingt agus a earcú do chuideachta áitiúil chaomhantais.

Téama 4

Tionscadal Bhréagáin Bhreátha

Díríonn an téama seo ar an earnáil fostaíochta déantúsaíochta. Glacann na daltaí páirt i ndúshlán infhostaitheachta a cheaptar lena gcuid scileanna fiontraíochta a chothú.

Téama 5

Smailceanna le Séimí

Díríonn an téama seo ar an earnáil fostaíochta bia/lónadóireachta. Glacann na daltaí páirt i ndúshlán infhostaitheachta ina nglacann siad orthu ról fiontraí a chaithfidh buiséad a bhainistiú.

Téama 1
Líne Nuachta

Fiosraíonn na daltaí earnáil fostaíochta na meán cumarsáide agus na siamsaíochta. Glacann siad páirt i ndúshlán infhostaitheachta ina scríobhann siad agus a gcuireann siad feasachán nuachta i láthair.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag measúnú do chuid oibre féin agus obair daoine eile trí chritéir ratha chomhaontaithe a úsáid

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Meáin an Phríomhbhaile – Dúshlán A* (Áis1)
- *Meáin an Phríomhbhaile – Dúshlán B* (Áis 2)

Gníomhaíocht 1

Eagraigh na daltaí i ngrúpaí de chúigear nó de sheisear. Cuir lipéid A nó B ar na grúpaí. Dáil cóip den acmhainn *Meáin an Phríomhbhaile – Dúshlán A* ar gach grúpa A. Dáil cóip den acmhainn *Meáin an Phríomhbhaile – Dúshlán B* ar gach grúpa B.

Tabhair cuireadh do na grúpaí faisnéis chúlra an chomhlachta a léamh agus an dúshlán atá á chur i láthair a phlé. Déan cinnte go dtuigeann na daltaí cad é a bhfuiltear ag dúil leis uathu sa dúshlán seo. Iarr ar na daltaí róil ghrúpa a ghlacadh orthu féin don tasc seo, mar shampla:
- scríbhneoir scripte;
- léiritheoir;
- láithreoir;
- tuairisceoir; agus/nó
- agallóir.

Pléigh agus aontaigh na critéir ratha don tasc seo, mar shampla:
- oibriú le do chuid comhpháirtithe le teacht ar chomhaontú/easaontú a bhainistiú;
- ba chóir nach mairfeadh an feasachán níos faide na trí nóiméad;
- bheith ábalta dearcaí agus barúlacha a thaispeáint ó réimse peirspictíochtaí; agus
- comharthaíocht choirp agus tuin ghlóir a úsáid le carachtair a léiriú.

Tabhair fráma ama do na daltaí leis an dúshlán a chomhlíonadh ann. Nuair a bhíonn na grúpaí réidh, tabhair cuireadh dóibh a bhfeasachán nuachta a chur i láthair don chuid eile den rang. Cuir cuireadh ar na daltaí a gcuid oibre féin agus obair daoine eile a mheas ag úsáid na gcritéar ratha comhaontaithe.

Téama 2

Bí ag Siopadóireacht Anseo

Díríonn an téama seo ar an earnáil fostaíochta miondíola. Glacann na daltaí páirt i ndúshlán infhostaitheachta ina nglacann siad orthu ról úineirí gnó atá ag iarraidh aonad a léasú in ionad siopadóireachta áitiúil. Déanann siad cur i láthair don chuid eile den rang.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag soláthar am smaoinimh
Ag measúnú do chuid oibre féin agus obair daoine eile trí chritéir ratha chomhaontaithe a úsáid

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Dúshlán Fiontar Siopadóireachta* (Áis 3)
- *Teimpléad Gach Fachtóir le Meas* (Áis 4)

Gníomhaíocht 1

Eagraigh na daltaí i ngrúpaí de chúigear nó de sheisear. Dáil cóip den acmhainn *Dúshlán Fiontar Siopadóireachta* ar gach grúpa. Tabhair cuireadh do na grúpaí é seo a léamh agus an dúshlán atá á chur i láthair a phlé. Déan cinnte de go dtuigeann na daltaí cad é a bhfuiltear ag dúil leis uathu sa dúshlán seo.

Pléigh agus aontaigh ar na critéir ratha don tasc seo, mar shampla:

- bheith ábalta barúlacha agus conclúidí a mhíniú agus a chosaint;
- amharc ar roghanna agus buntáistí agus míbhuntáistí a mheas;
- smaointe a chur i láthair go soiléir, ag cuimhneamh ar an lucht féachana; agus
- teanga áititheach a úsáid.

Tabhair fráma ama do na daltaí leis an dúshlán a chomhlíonadh ann. Nuair a bhíonn na grúpaí réidh, iarr orthu a gcur i láthair a dhéanamh don chuid eile den rang. Dáil cóip den *Teimpléad Gach Fachtóir le Meas* ar gach grúpa. Mol dóibh é seo a úsáid le moltaí na ngrúpaí eile a mheas. Tabhair cuireadh dóibh aontú ar cén gnó ar chóir cead a thabhairt dó an t-aonad a ghlacadh ar cíos. Ag an deireadh, cuir cuireadh ar na daltaí a gcuid oibre féin agus obair daoine eile a mheas ag úsáid na gcritéar ratha comhaontaithe.

Téama 3

Tionscadal Chomhlacht Tír Ghlas

Díríonn an téama seo ar an earnáil fostaíochta pobail agus dheonach. Glacann na daltaí páirt i ndúshlán infhostaitheachta. Caithfidh siad an modh is fóirsteanaí a aimsiú le deonaigh a tharraingt agus a earcú do chomhlacht áitiúil chaomhantais.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Dúshlán Chomhlacht Tír Ghlas* (Áis 5)

Gníomhaíocht 1

Eagraigh na daltaí i ngrúpaí de chúigear nó de sheisear. Dáil cóip den acmhainn *Dúshlán Chomhlacht Tír Ghlas* ar gach grúpa. Tabhair cuireadh dóibh faisnéis chúlra na cuideachta a léamh agus an dúshlán atá á chur i láthair a phlé. Déan cinnte de go dtuigeann na daltaí cad é a bhfuiltear ag dúil leis uathu sa dúshlán seo.

Pléigh agus aontaigh ar na critéir ratha don tasc seo, mar shampla:

- tá sluán tarraingteach aige;
- tugann sé breac-chuntas soiléir ar chuspóir an tionscadail ina measc na tairbhí don phobal agus do na deonaigh;
- baineann sé úsáid as an aimsir láithreach;
- tugann sé eolas ar cheanglais agus ar dhualgais an phoist dheonaigh;
- tugann sé breac-chuntas ar na scileanna agus na tréithe atá de dhíth ar an iarrthóir; agus
- sainaithníonn sé trí cheist dhúshlánacha atá neamhiata.

Tabhair fráma ama do na daltaí leis an dúshlán a chomhlíonadh ann. Nuair a bhíonn na grúpaí réidh, iarr orthu a bhfeachtas poiblíochta a chur i láthair don chuid eile den rang. Tabhair cuireadh do na daltaí a gcuid oibre féin agus obair daoine eile a mheas ag úsáid na gcritéar ratha comhaontaithe. Taispeáin saothar na ndaltaí sa seomra ranga.

Téama 4

Tionscadal Bhréagáin Bhreátha

Díríonn an téama seo ar an earnáil fostaíochta déantúsaíochta. Glacann na daltaí páirt i ndúshlán infhostaitheachta a cheaptar lena gcuid scileanna fiontraíochta a chothú.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!

Ag soláthar am smaoinimh
Ag measúnú do chuid oibre féin
agus obair daoine eile trí chritéir
ratha chomhaontaithe a úsáid

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Dúshlán 'Bhréagáin Bhreátha'* (Áis 6)

Gníomhaíocht 1

Eagraigh na daltaí i gceithre ghrúpa. Dáil cóip den acmhainn *Dúshlán 'Bhréagáin Bhreátha'* ar gach grúpa. Iarr orthu é seo a léamh agus an dúshlán atá á chur i láthair a phlé. Déan cinnte de go dtuigeann na daltaí cad é a bhfuiltear ag dúil leis uathu sa dúshlán seo.

Tabhair cuireadh do na daltaí róil foirne a ghlacadh orthu féin taobh istigh da ngrúpa, mar shampla:
- bainisteoir monarchan;
- bainisteoir margaíochta;
- bainisteoir airgeadais;
- dearthóir táirgí; agus/nó
- oibrí táirgthe.

Pléigh agus aontaigh ar na critéir ratha don tasc seo, mar shampla:
- roinn smaointe úra taobh istigh den ghrúpa;
- tóg ar smaointe a chéile;
- bain úsáid as samhlaíocht le teacht aníos le smaointe úra;
- amharc ar cad é mar a fhreastalaíonn an t-aireagán ar shuimeanna an úsáideora; agus
- léirigh creideamh sa smaoineamh trí theachtaireacht spreagúil a chur i láthair a tharraingíonn aird daoine.

Spreag na daltaí bheith chomh cruthaitheach agus chomh nuálach agus a thig leo lena gcuid dearaí. Tabhair fráma ama do na daltaí leis an dúshlán a chomhlíonadh ann. Nuair a bhíonn an dúshlán seo comhlíonta acu, cuir cuireadh ar ionadaí ó gach grúpa a dtáirge a chur i láthair don chuid eile den rang. Tabhair cuireadh do na daltaí a gcuid oibre féin agus obair daoine eile a mheas ag úsáid na gcritéar ratha comhaontaithe. Taispeáin saothar na ndaltaí sa seomra ranga.

Téama 5

Smailceanna le Séimí

Díríonn an téama seo ar an earnáil fostaíochta bia/ lónadóireachta. Glacann na daltaí páirt i ndúshlán infhostaitheachta ina nglacann siad orthu ról fiontraí a chaithfidh buiséad a bhainistiú.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Dúshlán 'Smailceanna le Séimí'* (Áis 7)
- *Praghasliosta Trealaimh* (Áis 8)
- *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* (Áis 9)

Gníomhaíocht 1

Eagraigh na daltaí ina mbeirteanna agus tabhair cóip de *Dhúshlán 'Smailceanna le Séimí'* agus an *Praghasliosta Trealaimh* dóibh. Tabhair cuireadh dóibh faisnéis chúlra na cuideachta a léamh agus an dúshlán atá á chur i láthair a phlé. Déan cinnte de go dtuigeann na daltaí cad é a bhfuiltear ag dúil leis uathu sa dúshlán seo.

Pléigh agus aontaigh ar na critéir ratha don tasc seo, mar shampla:
- fanacht taobh istigh de bhuiséad Shéimí;
- déan tosaíocht ar agus difreáil riachtanais agus mianta caiteachais; agus
- déanamh-cinntí airgeadais a léiriú – an bhfuil an trealamh riachtanach anois nó an dtig le Séimí fanacht agus é a cheannach níos moille?

Tabhair fráma ama do na daltaí leis an dúshlán a chomhlíonadh ann. Nuair a bhíonn an dúshlán seo comhlíonta acu, cuir cuireadh ar gach beirt a liosta trealaimh agus a bplean urláir a chur i láthair don chuid eile den rang. Tabhair cuireadh do na daltaí a gcuid oibre féin agus obair dhaoine eile a mheas ag úsáid na gcritéar ratha comhaontaithe. Taispeáin saothar na ndaltaí sa seomra ranga.

Gníomhaíocht 2

Dáil cóip den *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* ar gach dalta. Mol dóibh é seo a léamh agus smaoineamh faoina gcuid foghlama go dtí seo. Iarr ar na daltaí an *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* a chomhlíonadh. Ag an deireadh, tabhair cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ghrúpa lena gcuid foghlama a roinnt lena chéile.

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach aiseolas ó dhaltaí aonair a thaifeadadh ina gComhad Dul Chun Cinn.

HUNGRY HOUSE
HUNGRY HOUSE

Meáin an Phríomhbhaile - Dúshlán A

Is comhlacht áitiúil Teilifíse é Meáin an Phríomhbhaile a dhíríonn ar nuacht áitiúil. Táirgeann sé réimse clár, idir nuacht agus eile, atá suimiúil ag daoine sa cheantar áitiúil. Tá na cláir seo ar fáil ar bhonn laethúil agus tá éileamh orthu ag gach aoisghrúpa ar an Phríomhbhaile.

Croífhíricí
Bunaíodh Meáin an Phríomhbhaile sa bhliain 1999. Fuair sé maoiniú ón Chomhairle áitiúil lena chur ar bun. Is minic a chuireann Meáin an Phríomhbhaile socrúchán oibre ar fáil do dhaltaí na háite a bhfuil suim acu sna meáin.

Fostaíonn an comhlacht daoine sna róil seo a leanas:
- léiritheoirí;
- fir/mná ceamara;
- eagarthóirí nuachta;
- riarthóirí;
- foireann fáiltithe; agus
- láithreoirí teilifíse.

An Dúshlán Infhostaitheachta
Ba mhaith le Meáin an Phríomhbhaile gnéchlár speisialta nuachta a dhéanamh faoi na ceisteanna a bhaineann le fostaíocht sa cheantar áitiúil. Craolfar an gnéchlár ar 'Nuacht Anocht'.

Faisnéis don Ghnéchlár Nuachta
Tá sé fógraithe ag monarcha áitiúil comhpháirteanna TF 'Logitech' go mbeidh siad ag bogadh gach rud chun na Síne agus, mar sin de, go mbeidh siad ag druidim na monarchan áitiúla ar an Phríomhbhaile. Tá sé seo á dhéanamh ar an ábhar gur saoire daoine a fhostú sa mhonarcha sa tSín. Mar thoradh air seo, caillfidh 250 duine ón cheantar áitiúil a gcuid post.

Do Thasc
Is é do thasc gnéchlár nuachta a scríobh, a léiriú agus a chur i láthair an ranga.

Áis 2

Meáin an Phríomhbhaile - Dúshlán B

Is comhlacht áitiúil Teilifíse é Meáin an Phríomhbhaile a dhíríonn ar nuacht áitiúil. Táirgeann sé réimse clár, idir nuacht agus eile, atá suimiúil ag daoine sa cheantar áitiúil. Tá na cláir seo ar fáil ar bhonn laethúil agus tá éileamh orthu ag gach aoisghrúpa ar an Phríomhbhaile.

Croífhíricí
Bunaíodh Meáin an Phríomhbhaile sa bhliain 1999. Fuair sé maoiniú ón Chomhairle áitiúil lena chur ar bun. Is minic a chuireann Meáin an Phríomhbhaile socrúchán oibre ar fáil do dhaltaí na háite a bhfuil suim acu sna meáin.

Fostaíonn an comhlacht daoine sna róil seo a leanas:
- léiritheoirí;
- fir/mná ceamara;
- eagarthóirí nuachta;
- riarthóirí;
- foireann fáiltithe; agus
- láithreoirí teilifíse.

An Dúshlán Infhostaitheachta
Ba mhaith le Meáin an Phríomhbhaile gnéchlár speisialta nuachta a dhéanamh faoi na ceisteanna a bhaineann le fostaíocht sa cheantar áitiúil. Craolfar an gnéchlár ar 'Nuacht Anocht'.

Faisnéis don Ghnéchlár Nuachta
Tá sé fógraithe ag comhlacht domhanda óstán, 'Óstáin Deluxe' go mbeidh siad ag oscailt óstán úrnua ceithre réalta ar imeall an Phríomhbhaile. Beidh 200 seomra leapa, saoráidí comhdhála agus giomnáisiam agus spá ard-teic san óstán úr.

Cruthóidh an t-óstán nua thart faoi 100 post sa cheantar áitiúil, áireofar ar na poist:
- bainisteoirí óstáin;
- fáilteoirí;
- foireann bialainne agus beár;
- póirtéirí;
- glantóirí; agus
- treoraithe giomnáisiam.

Do Thasc
Is é do thasc gnéchlár nuachta a scríobh, a léiriú agus a chur i láthair an ranga.

Dúshlán Fiontar Siopadóireachta

Fiontair Siopadóireachta an dream ar leo an t-ionad áitiúil siopadóireachta. Tá 6 aonad miondíola ag Ionad Siopadóireachta Lár Cathrach a thugtar amach ar léas do lucht miondíola. Tá an t-ionad siopadóireachta suite i lár an bhaile s'againne.

Croífhíricí
Tógadh Ionad Siopadóireachta Lár Cathrach sa bhliain 1990 ar thalamh gan rath i lár an bhaile. Ar na haidhmeanna atá ag an ionad tá soláthar seirbhísí a rachaidh chun leas an phobail áitiúil. Tá os cionn 50 duine fostaithe ag na gnólachtaí atá san ionad.

Tá bainisteoir agus feighlí fostaithe ag Fiontair Siopadóireachta le haire a thabhairt d'Ionad Siopadóireachta Lár Cathrach.

An Dúshlán Infhostaitheachta
Folmhaíodh aonad 185 méadar cearnach san ionad siopadóireachta ar na mallaibh. Ba le siopa troscáin é roimhe ach druideadh seo óir bhí an t-úinéir ag éirí as a chuid oibre. Tá an-ráchairt ar na haonaid san ionad óir tá an suíomh go maith agus go bhfuil éileamh mór air ag bunadh na háite agus ag turasóirí.

Faisnéis Dúshláin
Samhlaigh gur grúpa de lucht gnó sibh ar mian leo an t-aonad a fháil ar cíos. Is é an tasc atá agat cur i láthair a thabhairt do thiarnaí talún an ionaid siopadóireachta (an chuid eile den rang) lena chur in iúl dóibh cad chuige ar chóir ligean do do ghnólacht an t-aonad a fháil ar cíos.

I do chur i láthair, caithfidh sibh a mhíniú:
- na cineálacha táirgí ba mhian leat a dhíol nó an tseirbhís ba mhian leat a chur ar fáil;
- na deiseanna fostaíochta a chuirfidh do ghnólacht ar fáil don phobal áitiúil; agus
- an leas do bhunadh na háite.

Is iad seo a leanas na gnólachtaí atá sna haonaid eile san ionad siopadóireachta:
- radharceolaí;
- siopa guthán póca;
- siopa cártaí lá breithe;
- ollmhargadh; agus
- siopa bróg.

Áis 4

Teimpléad Gach Fachtóir le Meas

Cé acu de na siopaí miondíola ba chóir bheith suite san ionad siopadóireachta?

Fachtóir 1	Ar a Shon Ina Éadan Fachtóirí Suimiúla
Fachtóir 2	Ar a Shon Ina Éadan Fachtóirí Suimiúla
Fachtóir 3	Ar a Shon Ina Éadan Fachtóirí Suimiúla
Fachtóir 4	Ar a Shon Ina Éadan Fachtóirí Suimiúla

I ndiaidh na moltaí uile a chur sa mheá, is é an moladh atá againn....

Dúshlán Chomhlacht Tír Ghlas

Bhunaigh grúpa áitiúil caomhnaithe an Comhlacht Tír Ghlas sa bhliain 1995. Cuireann sé seirbhísí ar fáil leis an 'Tír Ghlas' sa cheantar áitiúil a chosaint agus a fhorbairt, mar shampla:
- ag cur crann agus tor;
- ag cur paistí talaimh garraíodóireachta amach ar cíos don phobal áitiúil;
- ag díol plandaí; agus
- seirbhísí garraíodóireachta do sheandaoine.

Cé atá ag obair ann?
Fostaíonn an Comhlacht Tír Ghlas an fhoireann seo a leanas:
- bainisteoir;
- triúr garraíodóirí;
- rúnaí/leabharchoimeádaí; agus
- triúr oibrithe deonacha.

Croífhíricí
- Úsáidtear gach brabús a dhéanann an comhlacht le leas an cheantair agus an phobail áitiúil.
- Bhain an comhlacht gradam caomhnaithe RA sa bhliain 2002.
- Braitheann an comhlacht ar chuidiú ó oibrithe deonacha.

An Dúshlán Infhostaitheachta
Shocraigh an Comhlacht Tír Ghlas ar thalamh gan rath ar chúl na scoile s'againne a fhorbairt. Leis seo a dhéanamh, caithfidh siad seisear oibrithe deonacha a earcú. Beifear ag dúil leis na deonóirí an áit a réiteach agus roinnt crann agus tor a chur.

Mairfidh an tionscadal ceithre seachtaine agus beidh sé ar siúl i Mí Lúnasa. Reáchtálfar é i rith na seachtaine agus Dé Sathairn.

Is é bhur ndúshlán feachtas poiblíochta a chruthú le hoibrithe deonacha a earcú le bheith ag obair ar an tionscadal. Ba chóir go mbeadh fógraí mar chuid den fheachtas. Ba chóir daoibh fosta trí cheist a fhorbairt a chuirfeá ar dhaoine a chuireann iarratas isteach mar oibrithe deonacha.

Dúshlán 'Bhréagáin Bhreátha'

Is comhlacht áitiúil é Bréagáin Bhreátha a tháirgeann bréagáin oideachasúla do pháistí idir trí bliana agus sé bliana. Is é aidhm an chomhlachta bréagáin a tháirgeadh a fhorbraíonn scileanna litearthachta agus uimhearthachta páistí trí spraoi agus súgradh.

Croífhíricí
Bíonn an comhlacht i gcónaí faoi bhrú táirgí úra nuálacha a fhorbairt le bheith iomaíoch i margadh na mbréagán. Déanann siad iarracht an spraoi agus an t-oideachas a chur ar comhchéim.

Tá thart faoi chaoga duine as an cheantar áitiúil fostaithe ag an chomhlacht, lena n-áirítear:
- bainisteoir na monarchan;
- an bainisteoir margaíochta;
- an bainisteoir airgeadais;
- foireann dearthóirí táirgí; agus
- oibrithe táirgíochta.

An Dúshlán Infhostaitheachta
Samhlaigh go n-oibríonn sibh do Bhréagáin Bhreátha. Is é bhur dtasc bheith ag obair mar chuid d'fhoireann le bréagán nua a dhearadh do Bhréagáin Bhreátha. Caithfidh an bréagán bheith dírithe ar pháistí idir trí agus sé bliana agus cuidiú leo a scileanna litearthachta nó uimhearthachta a fhorbairt. Caithfidh sibh bhur smaoineamh a chur i láthair an ranga agus eolas a thabhairt ar:
- an chuma a bheas ar an bhréagán (pictiúr den bhréagán san áireamh);
- an t-ábhar as a ndéanfar é;
- mar a oibríonn sé:
- mar a chuideoidh sé le páistí a scileanna litearthachta nó uimhearthachta a fhorbairt;
- an t-ainm a bheas air;
- cá mhéad a bheas air; agus
- mar a d'fhéadfaí poiblíocht a dhéanamh faoi.

Áis 7

Dúshlán 'Smailceanna le Séimí'

Is bialann ceapairí nua í Smailceanna le Séimí atá le hoscailt i lár an bhaile mhóir s'againne.
Ar fáil inti beidh:
- réimse leathan ceapairí den 1ú grád;
- roghanna bia fholláin ar nós anraith, sailéad agus caoineog ('smúdaí'); agus
- réimse tae agus caife.

Is féidir suí isteach nó iompar amach.

Croífhíricí
Tá 49 méadar cearnach sa bhialann. Nuair a osclóidh sí, cuirfidh sí deiseanna fostaíochta ar fáil do chúntóirí cuntair agus freastalaithe.

An Dushlán Infhostaitheachta
Osclóidh Smailceanna le Séimí don phobal i gceann míosa. Tá Séimí, an t-úinéir, ag cur na bpleananna deiridh le chéile maidir le dearadh an taobh istigh den siopa agus an trealamh ba chóir dó a cheannach. Tá buiséad £20,000 ag Séimí leis an bhialann a fheistiú.

Is é bhur dtasc cuidiú le Séimí cinneadh a dhéanamh ar cén troscán agus trealamh ba chóir dó a cheannach dá bhialann. Le go n-éireoidh libh an tasc seo a chomhlánú caithfidh tú:
- cloí leis an bhuiséad;
- plean urláir a chruthú don bhialann a léiríonn cá háit a mbeidh an trealamh de dhíth; agus
- bhur roghanna a chur i láthair an ranga agus iad a chosaint.

Praghasliosta Trealaimh

Trealamh	Praghas (£)
Cuisneoir cuntair	3,225
Cuisneoir deochanna	2,150
Tábla	250
Dhá chathaoir	300
Oigheann	3,025
Déantóir Caoineog	615
Uirlisí cistine	409
Meaisín caife	2,459
Sé chupán, fhóchupán agus plátaí	150
Sceanra (foireann de 6)	75
Júcbhosca	4,235
Teilifís scáileáin plasma	1,345
Meaisín frappe	2,105
Tolg leathair	2,125
Pictiúr	500
Déantóir panini	750

Áis 9

Taifead Athmhachnaimh an Dalta

Cé acu de na dúshláin ba mhó ar bhain tú sult astu?

Cé na scileanna a léirigh tú go maith agus cén dóigh ar léirigh tú iad?

An bhfuil earnálacha fostaíochta ar bith ann ar mhaith leat a thuilleadh eolais a chur orthu?

Cé acu de na gníomhaíochtaí pleanála gairme atá déanta agat mar chuid den aonad seo?

Léitheoireacht ☐

Ag amharc ar fhíseáin ☐

Taighde ☐

Cur i láthair a thabhairt ☐

Ag foghlaim ó dhaoine eile ☐

Sínithe: _____

Múinteoir: _____

Tuismitheoir: _____

Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar an ábhar tacaíochta is úire don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil ar **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning